Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**LÉIRIÚ SPÉISE**

**Páirc an Athar de Búrca — Eispéireas na Nollag**

**Soilsiú agus Suiteálacha Cruthaitheacha • Lascainí • Taibhléirithe agus Ceol**

**1. Cur Síos agus Rún**

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tabhairt cuireadh do chomhlachtaí gairmiúla a bhfuil taithí acu eispéireas Nollag speisialta do theaghlaigh a chur ar fáil i bPáirc an Athar de Búrca le linn Shéasúr Saoire an Gheimhridh a bhfuil téama ar leith ag baint leis do chathair na Gaillimhe. Forbrófar é seo thar thréimhse trí bliana agus déanfar athbhreithniú air go bliantúil. Ba cheart do thograí do shoilsiú agus suiteálacha cruthaitheacha agus cláir ar ardchaighdeán a thabhairt le chéile, chomh maith le tairiscint lascainí beartaithe (deochanna te/féiríní séasúracha) atá feiliúnach do theaghlaigh agus saor ó alcól. Is é an aidhm ná eispéireas éagsúil ar féidir é a shiúl a chur ar fáil chun beocht a chur sa pháirc gan cur isteach ar chompord, sábháilteacht ná taitneamhacht na gcónaitheoirí atá in aice láimhe.

Tréimhse oibriúcháin agus cuirfiú; ba cheart go mbeadh clár poiblí ar bun gach lá, ag críochnú ag 10pm. Ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh ar leibhéil fuaime agus ar imeacht an lucht spéise chun meas a léiriú ar an gcomharsanacht chónaitheach atá mórthimpeall.

Is féidir le hoibreoirí fadbhunaithe a bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu maidir le gníomhaíochtaí séasúracha faoin spéir atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil (páirceanna, pláis, láithreacha oidhreachta) agus atá ábalta iad a dhearadh, a shuiteáil, a oibriú agus a bhaint anuas go sábháilte cur isteach ar an léiriú spéise seo.

Suíomh, Páirc an Athar de Búrca, Bóthar an Athar Uí Ghríofa, Gaillimh: https://maps.app.goo.gl/8LZ71xBQ5yS64NKv9

Pleananna/Leagan Amach Pháirc an Athar de Búrca: Léaráid A3 curtha ar fáil. Cuireadh é sin le chéile trí úsáid a bhaint as sonraí ó Thailte Éireann. Is féidir leagan digiteach a fháil ó R&A. Ní mór an tsuiteáil/na suiteálacha beartaithe a léiriú go soiléir ar léaráid agus ní mór iad a bheith de réir scála.

**2. Sonraíocht na Riachtanas**

**Ní mór mionsonraí ar leith a léireoidh an chaoi a mbainfear amach na riachtanais atá leagtha amach thíos a leagan amach in aon léiriú spéise a chuirtear isteach.**

**2.1 Cuspóirí**

- Eispéireas Nollag ar ardchaighdeán atá dírithe ar theaghlaigh a chruthú lena mbeidh téama a bhaineann go sonrach le Gaillimh, atá dírithe ar shoilsiú agus suiteálacha cruthaitheacha, feabhsaithe le taibhléirithe beo/timpeallacha agus lascainí speisialta.
- Gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha, inrochtana agus saor ó alcól a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.
- É a chur ar fáil go sármhaith ó thaobh sábháilteachta, cleachtais chomhshaoil agus inrochtaineachta.
  (Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015, cosc ar idirdhealú maidir le hearraí agus seirbhísí a chur ar fáil, cóiríocht a chur ar fáil agus rochtain ar oideachas).
- Teacht leis an gclár *An Nollaig i nGaillimh* atá ann cheana agus leis na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm nó atá beartaithe.

**2.2 Paraiméadair Oibriúcháin agus Íogaireachtaí Suímh**

- Cuirfiú: críochnóidh an clár poiblí tráth nach déanaí ná 10:00pm. Beidh an fhágáil deiridh críochnaithe agus an suíomh daingnithe faoi 11:00pm. Ní mór cloí go docht leis na huaireanta oibriúcháin seo.
- Cuairteoirí agus a sruth: bealaí isteach/amach agus amharclínte soilsithe a choinneáil; plean sábháilte iontrála/fágála. Bealach a chur ar fáil chun líon na gcuairteoirí ar an suíomh ag aon am amháin a thaifeadadh.
- Inrochtaineacht: inrochtaineacht iomlán chomh maith le soláthar le haghaidh nóiméid agus limistéir chiúine atá oiriúnach do dhaoine néara-éagsúla.
- Cosaint aimsire agus talún: oibriúcháin gheimhridh láidre, mataí, dromchlaí neamhsciorracha (mata comhghlasáilte cosanta talún le rianta).

- Cumhacht/uisce: Beidh ar lucht eagraithe an imeachta pointí seirbhíse na páirce atá ann cheana a úsáid trí chomhaontú; bainistiú cáblaí, suiteálacha deimhnithe. Ní cheadófar gineadóirí a úsáid mar fhoinse cumhachta.

- Beidh ar an lucht eagraithe clár rannpháirtíochta pobail a chur ar fáil le cónaitheoirí áitiúla roimh an imeacht, lena linn agus ina dhiaidh. Ba cheart go n-áireofaí litreacha a fhágáil ag tithe, pointe teagmhála - beolíne/ríomhphost, prótacal gearán, fágáil mhaoirsithe agus bearta neamhshíománaíochta ag am scoir gnó gach lá.

**2.3 Cáipéisí Comhlíontachta agus Éigeantacha (roimh bhronnadh an chonartha)**

- Teastaíonn Dréachtphlean Bainistíochta Imeachtaí (EMP) ina leagtar amach: seó/sceideal, léaráidí suímh, tógáil/baint anuas, maoirseacht, plean éigeandála, modhanna cumarsáide.

- Ráitis Measúnaithe Riosca agus Mhodha (RAMS): rigeáil/leictreachas, gaoth/aimsir, sciorradh/titim, bainistiú slua, gléasra/innealra, láimhsiú.

- Árachais: Dliteanas Poiblí €6.5m; Dliteanas Fostóra €13m; Slánaíocht Ghairmiúil nuair is cuí; ní mór Comhairle Cathrach na Gaillimhe a ainmniú mar chomhlacht breise faoi árachas.

- Dliteanas (Banna/Éarlais): Ní mór Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith slánaithe in aghaidh aon eascaire, éileamh, imeacht, damáiste, costas a thiocfadh aníos. Ní mór Banna/Éarlais a bheith íoctha 14 lá roimh ré. (Scála táillí). Dliteanas a ghlacadh maidir le costais aschuir i gcás damáiste, níos mó ná figiúr an Bhanna/na hÉarlaise.

- Beidh táille laethúil d’úsáid na páirce (Scála táillí) nach mór do thionscnóirí a íoc, agus ní mór an costas sin a bheith san áireamh sa phlean airgeadais.

**BOND DEPOSITS CHARGES/SITE RENTAL FEES**

| Bond Deposit Charges | |
|---|---|
| Where tent/structure is used in a Park | €10,000 |
| Where a truck or other vehicles may be used | €5,000 |
| Where no equipment is used | €1,000 |

| Site Rental Fees (excluding Eyre Square Plaza) | |
|---|---|
| 1-2 day's (or part thereof) | €325 per day |
| 3rd day onwards (or part thereof) | €225 per day |
| **Eyre Square Plaza (launches, promotions, ad-hoc commercial activity are not permitted)** | |
| Per day (or part thereof) | €325 |

- Sláinte agus Sábháilteacht: ceannasaí sláinte agus sábháilteachta inniúil; logaí eachtraí/neastimpistí; struchtúir shealadacha a dheimhniú.
- Cumhdach agus Cosaint Leanaí: polasaí, grinnfhiosrúchán ar an bpearsanra, cóimheasa maoirseachta; prótacail maidir le toiliú íomhánna.
- RGCS/Príobháideachas: íoslaghdú sonraí d'áirithintí/do ghrianghraif; fógraí soiléire ar an suíomh.
- Ceadúnais/Reachtaíocht: toilithe bóthar (más ann dóibh), comhlíontacht sábháilteachta bia, síniú leictreonach.
- Comhshaol: fearais solais atá éifeachtúil ó thaobh cumhachta (LED), dath agus teocht na bhfearas ag cloí le riachtanais na Comhairle Oidhreachta/Spéir Dhorcha Éireann, rialú soilse/dallraithe, feasacht bithéagsúlachta, plean dramhaíola agus bruscair. Suíomh/suíomhanna agus líon na Portaloo.
- Deimhniú/Clárúchán Imréitigh Cánach

**2.4 Torthaí**

- Coincheap agus máistirphlean (leagan amach an tsoilsithe/na suiteálacha agus sceideal an chláir).
- Plean mionsonraithe soilsithe (leibhéil lucsa, fócasú, cur chuige rialaithe, róid na gcáblaí). Ní cheanglófar aon chábla, aon rigeáil ná aon fhearas de chrainn. Chomh maith leis sin, níor cheart go mbeadh aon earraí fágtha faoi chrainn ar feadh aon tréimhse ama, fiú go sealadach.
- Sceideal teicniúil (suiteacha/fardal, ualaigh chumhachta, rialtáin, comhéadan soilsithe éigeandála).

- Plean Oibriúcháin (maoirseacht, slándáil, idirchaidreamh le cónaitheoirí, bainistíocht slua/fágála).
- Pacáiste cumarsáide (eolas do chuairteoirí, eolas inrochtaineachta, rialacha tí, teachtaireachtaí sábháilteachta).
- Buiséad agus sreabhadh airgid; múnla ioncaim do lascainí.
- Cairt Gantt ar an tógáil/baint anuas le laethanta teagmhasacha.

---

**3. Próiseas Léirithe Spéise**

**Riachtanais an Iarratais**

Ní mór d’iarratasóirí **togra cuimsitheach amháin** a chur isteach, lena n-áirítear:

**1. Coincheap agus Clár**

- Fís agus ábhar ceannlínte (coincheap dírithe ar shoilsiú; suiteálacha; taibhléiriú/ceol; lamháltais).
- Cur chuige maidir leis an lucht spéise, lena n-áirítear inrochtaineacht, treochomharthaíocht agus comhpháirtithe margaíochta.

**2. Oibriúcháin agus Rialachas**

- Struchtúr foirne, príomhphearsanra, rialachas agus inniúlacht sláinte agus sábháilteachta.
- Plean oibriúcháin séasúrach, bainistíocht cuirfiú, cosaintí cónaitheoirí agus fágáil mhaoirsithe.
- Dréachtphlean suímh agus leagan amach na tógála/na bainte anuas, oibriúcháin gheimhridh, straitéis cumhachta, bainistíocht conraitheora.

**3. Múnla Airgeadais don imeacht**

- Rialtáin ardleibhéil buiséid agus costais.
- Foinsí ioncaim, cur chuige praghsála (má theastaíonn ticéid), straitéis lascainí.
- Fianaise d’acmhainneacht airgeadais chun suiteáil caipitil a chur ar fáil (soilsiú/bonneagar sealadach) agus caipiteal oibrithe a chur ar fáil don tréimhse bheo.

Ní mór don imeacht seo a bheith féinmhaoinitheach trí ioncam a ghintear, ní chuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú/cistiú ar fáil don imeacht.

**4. Cuntas teiste na heagraíochta maidir le himeachtaí den chineál céanna a reáchtáil**

- Suas le dhá thionscnamh ábhartha (timpeallachtaí páirce/gníomhaíochtaí geimhridh nó séasúracha).
- Tagairtí agus naisc tacaíochta.

**5. Comhlíontacht agus Dearbhuithe**

- Árachais (ag an gcomhlacht cheana féin, nó ábalta iad a fháil), córais sláinte agus sábháilteachta, cumhdach, comhlíontacht RGCS.
- Deimhniú maidir le rochtain mhaoinithe chun cur i gcrích an imeachta a fhrithghealladh.
- Dearbhuithe reachtúla, de réir dlí agus inniúlachta is gá.

---

**Critéir Dhámhachtana agus Creat Scórála**

**Déanfar léirithe spéise a fhaightear faoin spriocdháta chun iarratais a bheith istigh a mheas ag baint úsáid as na critéir seo a leanas.**

Iomlán na marcanna atá ar fáil 100

| Critéar | Ualach | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. Coincheap agus Clár | 25% | 25 |
| 2. Oibriúcháin agus Rialachas | 20% | 20 |
| 3. Acmhainneacht agus Pearsanra | 10% | 20 |
| 4. Múnla Airgeadais | 20% | 20 |
| 5. Maoirseacht Chomhshaoil agus Suímh | 10% | 10 |
| 6. Cuntas Teiste agus Moltóirí (2 ag teastáil) | 5% | 5 |

---

**1. Coincheap agus Clár – 25%**

Na gnéithe a mheasfar

- Neart cruthaitheachta an choincheapa atá dírithe ar shoilsiú

- Caighdeán agus indéantacht na suiteálacha, na dtaibhléirithe, an cheoil
- Taithí an lucht spéise, inrochtaineacht do chách, treochomharthaíocht
- Lascainí atá feiliúnach do theaghlaigh a thabhairt isteach
- Teacht le féiniúlacht na Gaillimhe

---

**2. Oibriúcháin agus Rialachas – 20%**

Na gnéithe a mheasfar

- Indéantacht oibriúcháin agus pleanáil sábháilteachta
- Rialachas, inniúlacht sláinte agus sábháilteachta
- Bainistiú tionchair fuaime, cuirfiú agus cónaitheora
- Tógáil/baint anuas, oibriúcháin gheimhridh, bainistiú conraitheora
- Caighdeán an dréachtphlean suímh

---

**3. Acmhainneacht agus Pearsanra – 20%**

Na gnéithe a mheasfar:

- Taithí an phríomhphearsanra
- Acmhainneacht léirithe teicniúil
- Struchtúr foirne d'oibriúcháin imeachtaí beo

---

**4. Múnla Airgeadais – 20%**

Na gnéithe a mheasfar

- Buiséad críochnaithe, soiléir, atá briste síos go mion
- Costáil réalaíoch do shoilsiú, bonneagar, soláthar foirne agus oibriúcháin.
- Rialuithe costais agus bainistíocht airgeadais
- Fianaise de do chumas suiteáil caipitil agus caipiteal oibre a mhaoiniú
- Straitéis lascainí/ticéad/ioncam tuillte

---

**5. Maoirseacht Chomhshaoil agus Suímh – 10%**

Na gnéithe a mheasfar

- Éifeachtúlacht fuinnimh: LEDanna, córais ísealfuinnimh, maolú agus sceidealú cliste
- Bainistiú solais: rialú soilse, cur chuige atá sábháilte don fhiadhúlra
- Ábhar agus dramhaíl: athúsáid pleananna, earraí aonúsáide laghdaithe
- Cosaint na bithéagsúlachta: crainn, plandáil agus an fhiadhúlra a chosaint
- Monatóireacht agus feabhas: feabhas inbhuanaitheachta bliain i ndiaidh bliana
- Cosaint suímh éigeandála:
    - Ní mór don fhorthairgeoir a n-éiríonn leis grianghraif a thógáil de gach limistéar suímh agus iad a dhoiciméadú leis an Rannóg Áineasa agus Conláistí sula ndéantar an tsuiteáil, chun tabhairt ar ais an bhanna i ndiaidh an imeachta a chinntiú.

---

**6. Cuntas Teiste agus Moltóirí – 5%**

Éigeantach: Dhá mholtóir ar a laghad d'obair inchomparáide.

Measúnú:

- Gníomhaíochtaí cosúla faoin spéir/geimhridh/bunaithe ar an bpáirc a chur i gcrích
- Caighdeán agus creidiúnacht na moltóirí
- Naisc nó cáipéisí tacaíochta

---

**Íoschomhlíontacht (Pas/Teip)**

Ní mór d'iarratasóirí an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Coincheap iomlán agus plean oibriúcháin
- Múnla airgeadais agus fianaise acmhainneachta
- Struchtúr foirne agus rialacháin

- Árachas (arna sealbhú nó infhaighte)
- Sláinte agus sábháilteacht, cumhdach, córais RGCS
- Riachtanais comhshaoil riachtanacha
- Dhá mholtóir

Mura ndéantar aon cháipéisí riachtanacha a chur ar fáil ní éireoidh leis an léiriú spéise agus ní rachfar ar aghaidh chuig an gcuid scórála den phróiseas measúnaithe.

---

**4. Cur i Láthair/Soiléiriú**

Is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí a dtogra a chur i láthair nó tuilleadh soiléireachta a thabhairt.
Níl ceanglas ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe glacadh le haon togra.

---

**5. Amchlár Táscach**

- **Tús leis an Léiriú Spéise:** 13 Aibreán 2026
- **Deireadh leis an Léiriú Spéise:** 18 Bealtaine 2026 (12:00 meán lae)
- **Cur i Láthair/Soiléiriú:** Meitheamh 2026
- **Dámhachtain agus conraitheoireacht:** Meitheamh 2026
- **Tréimhse bheo:** Nollaig 2026/Eanáir 2027 (dátaí le deimhniú)

---

**6. Iarratas a Dhéanamh agus Ceisteanna**

- **Iarratas a Dhéanamh:** EconomicDevelopment@GalwayCity.ie
- **Ceisteanna:** Seol ceisteanna chuig EconomicDevelopment@GalwayCity.ie faoin *29 Aibreán 2026* Seans go roinnfear freagraí de réir mar is cuí.
- **Spriocdháta d'Iarratais:** 18 Bealtaine 2026.

---

**7. Coinníollacha Rannpháirtíochta**

- **SF/AIE:** Is féidir aon léiriú spéise a chuirtear isteach a nochtadh faoin reachtaíocht saorála faisnéise. Cuir aon íogaireacht ó thaobh cúrsaí tráchtála in iúl dúinn.

- **Cosaint Sonraí:** Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Rialálaí Sonraí; ní mór d'iarratasóirí cloí le RGCS.
- Ní mór aon **choinbhleachtaí leasa** a fhógairt.
- **Árachas agus Slánaíocht:** Cruthúnas ag teastáil sula rachfar i mbun conartha.
- Is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe an léiriú spéise seo a leasú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar ag aon am.
- Beidh feidhm ag **toilithe reachtúla agus riachtanais inniúlachta** do gach suiteáil.
- **Cur ina cheart:** Ní mór suíomhanna a chur ar ais arís ar an gcaoi a raibh siad roimh an imeacht; gearrfar táille ar aon damáiste.

---